

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/584 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Márta 2023

lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1493 ón gCoimisiún maidir le L-meitainín arna tháirgeadh ag *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80245 agus *Escherichia coli* KCCM 80246 a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1493 ón gCoimisiún ⁽²⁾ rinneadh úsáid L-meitainín arna tháirgeadh ag *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80245 agus *Escherichia coli* KCCM 80246 mar bhreiseán beathaithe a údarú le haghaidh tréimhse 10 mbliana.
- (2) San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1493, an tasc maidir leis an uaschion taise agus maidir leis an gcéatadán d'aimíonaigéid eile atá sa bhreiseán a shainithnítear mar "3c305ii2, tá sé earráideach.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1493 a cheartú dá réir.
- (4) Ar mhaithe le cosc a chur ar shuaití ar an mbreiseán beathaithe a chur ar an margadh de dheasca na hearráide atá i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1493, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.
- (5) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1493, sa cholún "Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse", a mhéid a bhaineann leis an iontráil a bhaineann leis an mbreiseán L-meitainín a shainithnítear mar "3c305ii", cuirtear an fhocláocht seo a leanas:

"Ullmhóid L-meitainín ina bhfuil íoschion 90 % agus uaschion taise 1,5 %

— aimíonaigéid eile $\leq 0,70$ %" in ionad an mhéid seo a leanas

"Ullmhóid L-meitainín ina bhfuil íoschion 90 % agus uaschion taise 0,5 %

— aimíonaigéid eile $\leq 0,63$ %".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1493 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2022 maidir le L-meitainín arna tháirgeadh ag *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80245 agus *Escherichia coli* KCCM 80246 a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 234, 9.9.2022, lch. 18).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Márta 2023

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN
